



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

16 Aibreán 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála – Dlíse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Dlíse Speisialta – Airteagal 8(1) – Iolracht cosantóirí – Éilimh a bhfuil ‘baint chomh dlúth sin’ acu go bhfuil sé fóirsteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile – An coincheap ‘baint chomh dlúth sin’ – An coincheap ‘príomhchosantóir’ – Sárú ar Airteagal 101 CFAE – Treoir 2014/104/AE – Cúiteamh i leith damáistí a rinne cairtéal – An coincheap gnóthais – Dliteanas na máthairchuideachta agus fochuideachta – Cinneadh ón gCoimisiún – Cinneadh ó údarás iomaíochta náisiúnta – Damáiste lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

I gCásanna Uamtha C-672/23 agus C-673/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Gerechtshof Amsterdam (Cúirt Achomhairc, Amstardam, an Ísiltír), trí bhreith an 19 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 13 Samhain 2023, sna himeachtaí

Electricity & Water Authority of the Government of Bahrain,

GCC Interconnection Authority,

Kuwait Ministry of Electricity and Water,

Oman Electricity Transmission Company SAOC

v

Prysmian Netherlands BV,

Draka Holding BV,

Prysmian Cavi e Sistemi Srl,

Pirelli & C SpA,

Prysmian SpA,

The Goldman Sachs Group Inc.,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

ABB BV,

ABB Holdings BV,

ABB AB,

ABB Ltd,

Nexans Nederland BV,

Nexans Cabling Solutions BV,

Nexans Participations SA,

Nexans SA,

Nexans France SAS (C-672/23),

agus

Smurfit Kappa Europe BV,

Smurfit International BV,

Smurfit Kappa Italia SpA,

DS Smith Italy BV,

DS Smith plc,

DS Smith Packaging Italia SpA,

DS Smith Holding Italia SpA,

Toscana Ondulati SpA

v

Unilever Europe BV,

Unilever Supply Chain Company AG,

Unilever Italy Holdings Srl (C-673/23),

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 23 Eanáir 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Electricity & Water Authority of the Government of Bahrain, GCC Interconnection Authority, Kuwait Ministry of Electricity and Water agus Oman Electricity Transmission Company SAOC, ag J. W. de Jong, advocaat,
- Prysmian Netherlands BV, Draka Holding BV, Prysmian Cavi e Sistemi Srl agus Prysmian SpA, ag R. T. Bolland, J. S. Kortmann, A. van Vugt agus R. Wesseling, advocaten,
- Pirelli & C SpA, ag P. N. Malanczuk, E. Mattioli, M. J. Schaufeli agus J. P. van der Klein, advocaten, I. Perego agus M. Roberti, avvocati,
- The Goldman Sachs Group Inc., ag D. A. M. H. W Strik, advocate,
- ABB BV, ABB Holdings BV, ABB AB agus ABB Ltd, ag W. Knibbeler, M. H. J. M. Immerzeel, E. Di Pangrazio, A. Schurink agus M. Sinninghe Damsté, advocaten,
- Nexans Nederland BV, Nexans Cabling Solutions BV, Nexans Participations SA, Nexans SA et Nexans France SAS, ag H. M. Cornelissen, A. Knigge agus R. van Dijken, advocaten,
- Smurfit Kappa Europe BV, Smurfit International BV agus Smurfit Kappa Italia SpA, ag O. W. Brouwer, E. Di Pangrazio, A. Schurink agus M. Sinninghe Damsté, advocaten,
- DS Smith Italy BV, DS Smith plc, DS Smith Packaging Italia SpA, DS Smith Holding Italia SpA agus Toscana Ondulati SpA, ag M. G. Bredenoord-Spoek, J. K. de Pree agus S. J. The, advocaten,
- Unilever Europe BV, Unilever Supply Chain Company AG agus Unilever Italy Holdings Srl, ag R. J. G. Lamberti, C. C. A. van Rest agus H. J. Vanderveen, advocaten,
- an Coimisiún Eorpach, ag S. Noë, W. Wils agus C. Zois i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 3 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

- 2 Rinneadh na hiarrataí seo in dhá imeacht idir, ar thaobh amháin, Electricity & Water Authority of the Government of Bahrain, GCC Interconnection Authority, Kuwait Ministry of Electricity and Water agus Oman Electricity Transmission Company SAOC (na ceithre ghnóthas seo le chéile, 'EWAGB agus páirtithe eile') agus Prysmian Netherlands BV, Draka Holding BV, Prysmian Cavi e Sistemi Srl, Pirelli & C. Spa, Prysmian SpA, The Goldman Sachs group Inc., ABB BV, ABB Holdings BV, ABB AB, ABB Ltd., Nexans Nederland BV, Nexans Cabling Solutions BV, Nexans Participations SA, Nexans SA agus Nexans France SAS (na 15 chuideachta seo le chéile, 'Draka agus páirtithe eile'), agus, ar an taobh eile, Smurfit Kappa Europe BV, Smurfit International BV, Smurfit Kappa Italia SpA, DS Smith Italy BV, DS Smith plc, DS Smith Packaging Italia SpA, DS Smith Holding Italia SpA agus Toscana Ondulati SpA (na hocht gcuideachta seo le chéile, 'Smurfit Kappa agus páirtithe eile') agus Unilever Europe BV, Unilever Supply Chain Company AG agus Unilever Italy Holdings Srl (na trí chuideachta seo le chéile, 'Unilever agus páirtithe eile'), maidir le cinneadh na cúirte a bhfuil dlínse chríche aici caingne a éisteacht agus a chinneadh lena lorgaítear dliteanas comhpháirteach agus leithleach Draka agus páirtithe eile agus Smurfit Kappa agus páirtithe eile agus ordú a thabhairt go ndéanfaidh siad an damáiste a eascraíonn as sárú ar Airteagal 101 CFAE agus ar Airteagal 53 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an 2 Bealtaine 1992 (IO 1994 L 1, lch. 3; 'Comhaontú LEE') a chúiteamh.

An dlí lena mbaineann

Rialachán Uimh. 1215/2012

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 15, 16 agus 21 de Rialachán Uimh. 1215/2012:
- ‘(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuítear an dlínse. Ba cheart go mbeadh dlínse le fáil i gcónaí ar an bhforas sin cé is moite de dhornán cásanna arna sainiú go soiléir ina dtugann ábhar na díospóide nó neamhspleáchas na bpáirtithe údar le critéar éagsúil nasctha. Ní mór sainchónaí duine dhlítheanaigh a shainiú go neamhspleách sa chaoi is go mbeidh na comhrialacha níos trédhearcaí agus go seachnófar coinbhleachtaí dlínse.
- (16) Sa bhreis ar shainchónaí an chosantóra, ba cheart forais mhalartacha dlínse a bheith ann ar bhonn dlúthnaisc idir an chúirt agus an chaingean nó chun riaradh fóna an cheartais a éascú. Ba cheart go n-áiritheodh an dlúthnasc sin deimhneacht dhlíthiúil agus go seachnófaí leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an dlí a agairt ar chosantóir in imeachtaí os comhair cúirte de chuid Ballstáit nach bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. Tá sé sin tábhachtach, go háirithe i ndíospóidí a bhaineann le hoibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as sárúithe ar phríobháideacht agus ar chearta a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhillleadh.
- [...]
- (21) Ar mhaithe le riaradh comhchuibhithe an cheartais, is gá an fhéidearthacht go mbeadh imeachtaí comhthráthacha ann a laghdú agus is gá a áirithiú nach ndéanfar breithiúnais atá bunoscionn lena chéile a thabhairt i mBallstáit éagsúla. Ba cheart sásra soiléir agus éifeachtach a bheith ann chun cásanna *lis pendens* agus caingne gaolmhara a réiteach, agus

chun fadhbanna a eascraíonn as difríochtaí náisiúnta ó thaobh an chaoi a gcinntear an tráth a mheastar cás a bheith ar feitheamh a sheachaint. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an tráth sin a shainiú go neamhspleách.’

4 Tá 10 roinn i gCaibidil II den Rialachán sin, dar teideal ‘Dlínse’. I Roinn 1 den Rialachán sin, dar teideal ‘Forálacha ginearálta’, tá Airteagail 4 go 6 de.

5 De réir Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

‘Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.’

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 5(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012:

‘Daoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, ní fhéadfar an dlí a agairt orthu i gcúirteanna de chuid Ballstáit eile ach amháin de bhua na rialacha a leagtar amach i Roinn 2 go Roinn 7 den Chaibidil seo.’

7 I Roinn 2 de Chaibidil II, dar teideal ‘Dlínse Speisialta’, foráiltear le hAirteagal 8(1) den Rialachán sin:

‘Féadfar an dlí a agairt freisin ar dhuine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát:

1) i gcás inar duine de líon cosantóirí é, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar dhuine ar bith díobh, ar choinníoll go bhfuil baint chomh dlúth sin ag na héilimh le chéile go bhfuil sé fóirsteanach na cosantóirí a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh’.

8 Faoi Airteagal 63(1) den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá sainchónaí ar chuideachta nó ar dhuine dlítheanach eile nó ar chomhlachas de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile:

san áit a bhfuil a shuíomh nó a suíomh reachtúil aige nó aici;

san áit a bhfuil a riarachán lárnach; nó

san áit a bhfuil a phríomháit ghnó nó a príomháit ghnó aige nó aici.’

Treoir 2014/104/AE

9 De réir aithris 1 de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (IO 2014 L 349, lch. 1).

‘Is leis an mbeartas poiblí a bhaineann Airteagail 101 agus 102 [CFAE] agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar fud an Aontais [Eorpaigh] chun a áirithiú nach saobhfaí an iomaíocht sa mhargadh inmheánach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 10 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1(2) den Treoir sin, dar teideal ‘Ábhar agus raon feidhme’:

‘Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha lena gcomhordaítear forfheidhmiú rialacha iomaíochta ag údaráis iomaíochta agus forfheidhmiú na rialacha sin i gcaingne i leith damáistí os comhair cúirteanna náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 11 Foráiltear le hAirteagal 2(2), (3) agus (6) den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(2) ciallaíonn “ciontóir” an gnóthas nó an comhlachas gnóthas a rinne sárú ar an dlí iomaíochta;

(3) ciallaíonn “dlí iomaíochta náisiúnta” forálacha an dlí náisiúnta a shaothraíonn go príomha na cuspóirí céanna le hAirteagail 101 agus 102 [CFAE] agus a chuirtear i bhfeidhm sa chás céanna agus i gcomhréir le dlí iomaíochta an Aontais de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 [ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1)], cé is moite d’fhorálacha an dlí náisiúnta lena bhforchuirtear pionóis choiriúla ar dhaoine nádúrtha, mura rud é gurb iad na pionóis choiriúla sin na modhanna chun forfheidhmiú na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le gnóthais a áirithiú;

[...]

(6) ciallaíonn “páirtí díobháilte” duine a d’fhulaing díobháil de dheasca sárú ar dhlí na hiomaíochta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 12 De réir Airteagal 3 de Treoir sin, dar teideal ‘An ceart chun lánchúitimh’:

‘(1) Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar bhain díobháil dó de dheasca sárú ar dhlí na hiomaíochta cúiteamh iomlán as an díobháil sin a éileamh agus a fháil.

(2) Fágfaidh lánchúiteamh go mbeadh duine ar bhain díobháil dó sa staid chéanna ina mbeadh sé mura ndearnadh an sárú ar dhlí na hiomaíochta. Dá bhrí sin, cumhdófar an ceart chun cúitimh as caillteanas iarbhir ann agus as caillteanas brabúis, móide ús a íoc.’

3. Ní bheidh róchúiteamh mar thoradh ar chúiteamh iomlán faoin Treoir seo, cibé acu trí dhamáistí pionósacha, iolracha nó cineálacha eile damáistí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 9 de Threoir 2014/104, dar teideal ‘Éifeacht na gcinntí náisiúnta’:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar sárú ar dhlí na hiomaíochta arna chinneadh le cinneadh críochnaitheach ó údarás iomaíochta náisiúnta nó cúirt athbhreithnithe a mheas mar shárú léirithe nach féidir a bhréagnú chun críoch caingne le haghaidh damáistí a thugtar os comhair a gcúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 101 nó 102 [CFAE] nó faoi dhlí na hiomaíochta náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina nglacfar cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát eile, go bhféadfar an cinneadh críochnaitheach sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a chur faoi bhráid a gcúirteanna náisiúnta mar fhianaise *prima facie* ar a laghad go ndearnadh sárú ar dhlí na hiomaíochta agus, más iomchuí, go bhféadfar é a mheasúnú in éineacht le haon fhianaise eile arna tabhairt ar aird ag na páirtithe.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí cúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 267 [CFAE].’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 11(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Dliteanas comhpháirteach agus leithleach’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gnóthais a sháraigh dlí na hiomaíochta trí iompar comhpháirteach faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith na díobhála a rinneadh de dheasca an tsáraithe ar dhlí na hiomaíochta; tá sé d’éifeacht aige sin go gceanglaítear ar gach ceann de na gnóthais sin an damáiste ina iomláine a chúiteamh agus go bhfuil sé de cheart ag an bpáirtí díobhálaithe cúiteamh iomlán as an damáiste sin a éileamh ó gach ceann acu go dtí go mbeidh sé cúitithe go hiomlán.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Cás C-672/23

15 Le Cinneadh C(2014) 2139 final an 2 Aibreán 2014 maidir le himeacht faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT.39610, ‘Cáblaí Cumhachta’), chinn an Coimisiún Eorpach go raibh cairtéal nach mór domhanda ann ar na margaí cáblaí cumhachta fomhuirí agus faoi thalamh a raibh baint ag 26 dhuine dhlítheanacha leo, eadhon:

- Nexans agus Nexans France, atá bunaithe sa Fhrainc,
- Prysmian SpA agus Prysmian Cavi e Sistemi, atá bunaithe san Iodáil, agus a n-iarmhathairchuideachtaí, Pirelli & C agus The Goldman Sachs Group,
- J-Power Systems Corporation agus máthairchuideachtaí an chomhghnóthais, Hitachi Metals Ltd agus Sumitomo Electric Industries Ltd,
- VISCAS Corporation agus a mháthairchuideachtaí den chomhghnóthas, Furukawa Electric Co. Ltd agus Fujikura Ltd,

- ABB AB (roimhe seo), ar tháinig ABB AB, atá bunaithe sa tSualainn, agus ABB Ltd, ina cháil mar mháthairchuideachta ABB AB, atá bunaithe san Eilvéis, i gcomharbas air,
 - Brugg Kabel AG agus Kabelwerke Brugg AG Holding,
 - Silec Cable SAS, a mháthairchuideachta reatha, General Cable Corporation, agus a iar-mháthairchuideachta, Safran SA,
 - EXSYM Corporation agus máthairchuideachtaí an chomhghnóthais, SWCC Showa Holdings Co. Ltd agus Mitsubishi Cable Industries Ltd.,
 - LS Cable & System Ltd,
 - Taihan Electric Wire Co. Ltd agus,
 - nkt cables GmbH agus NKT Holding A/S.
- 16 Chinn sé go raibh na cuideachtaí sin rannpháirteach, le linn na tréimhse ón 18 Feabhra 1999 go dtí an 29 Eanáir 2009, i líonra cruinnithe agus teagmhálacha iltaobhacha agus déthaobhacha chun margaí agus custaiméirí a chomhroinnt le haghaidh tionscadail cáblaí cumhachta faoi thalamh agus fomhuirí i gcríocha sonracha. Chinn sé gur sárú leanúnach ar Airteagal 101 CFAE agus ar Airteagal 53 de Chomhaontú LEE a bhí sna cleachtais chlaonpháirteacha sin.
- 17 Is gnóthais phoiblí iad Electricity & Water Authority of the Government of Bahrain, **Kuwait Ministry of Electricity and Water** agus **Oman Electricity Transmission Company** atá freagrach as líonraí ardvoltais atá lonnaithe i mBairéin, i gCuáit agus in Óman faoi seach a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil. Is le **GCC Interconnection Authority** bonneagar idirnasctha lena nasctar eangacha leictreachais náisiúnta na Stát is páirtithe i gComhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille, eadhon Stát Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, Ríocht Bhairéin, Ríocht na hAraibe Sádaí, Sabhdánacht Óman, Stát Chatar agus Stát Chuáit, agus oibríonn sé an bonneagar sin.
- 18 Thug EWAGB agus páirtithe eile caingean dhearbhaithe os comhair rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír), ag iarraidh, ar an gcéad dul síos, dearbhú go bhfuil Draka agus páirtithe eile faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ina leith mar gheall ar a rannpháirtíocht sa chairtéal atá i gceist agus, ar an dara dul síos, ordú a thabhairt do na cuideachtaí sin cúiteamh a íoc i gcomhpháirt agus go leithleach, a bhfuil a mhéid le bunú ina dhiaidh sin, arb é is aidhm dó an damáiste a mhaíonn siad a d'fhulaing siad lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) mar thoradh ar an gchairtéal sin a chúiteamh.
- 19 Díreáir an chaingean dhearbhaithe sin i gcoinne roinnt cuideachtaí is cosantóirí sna príomhimeachtaí ar le grúpaí Prysmian Cavi e Sistemi, ABB AB (roimhe seo) agus Nexans iad. Tá cuid acu bunaithe san Ísiltír, ach lasmuigh de dhlínse rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche Amstardam), cuid eile lasmuigh den Ísiltír. Tá gach ceann acu, go díreach nó go hindíreach, ina bhfochuideachtaí faoi úinéireacht 100 % de na gnóthais ar chinn an Coimisiún a chur faoi dhliteanas i leith na rannpháirtíochta sa chairtéal atá i gceist. Lena chinneadh, chinn an Coimisiún go raibh Prysmian Cavi e Sistemi, ABB AB (roimhe seo) agus Nexans France rannpháirteach sa chairtéal agus chuir sé Prysmian, Pirelli & C, The Goldman Sachs Group, ABB Ltd agus Nexans faoi dhliteanas réamhtheachtach ina gcáil mar mháthairchuideachtaí (indíreacha) na rannpháirtithe sin sa chairtéal sin. Níor díriodh an cinneadh sin ar Nexans

Participations ná ar Prysmian Netherlands, Draka Holding, ABB BV, ABB Holdings, Nexans Nederland agus Nexans Cabling Solutions, arb iad cuideachtaí a bunaíodh san Ísiltír. Is fochuideachtaí iad na cuideachtaí is cosantóirí seo atá corpraithe faoi dhlí na hÍsiltíre, atá 100 % faoi úinéireacht, go díreach nó go hindíreach, ag Prysmian Cavi e Sistemi, ABB Ltd agus Nexans, faoi seach.

- 20 Is é Draka Holding, a bunaíodh in Amstardam, an t-aon chuideachta is cosantóir a bhfuil a suíomh i ndlínse rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) agus, dá bhrí sin, is é an cosantóir a fheidhmíonn mar phríomhchosantóir chun dlínse na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair a shuí ('an príomhchosantóir'). Is fochuideachta de Prysmian Cavi e Sistemi í an chuideachta sin, a bhfuil scairchaipiteal iomlán Prysmian Netherlands aici freisin. Níor díródh cinneadh an Choimisiúin an 2 Aibreán 2014 ar Draka Holding ná ar na cuideachtaí is cosantóirí eile a bunaíodh san Ísiltír.
- 21 Le breithiúnas dearbhaitheach, dhearbhaigh rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) go raibh dlínse aige, ar bhonn Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, na caingne a tionscnaíodh i gcoinne na gcuideachtaí is cosantóirí go léir a bunaíodh san Ísiltír a éisteacht. Mar sin féin, dhearbhaigh sí nach raibh dlínse aici caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí is cosantóirí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír a éisteacht, agus í den tuairim nach bhféadfaí aon dlínse idirnáisiúnta a thuiscint ó Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 ná ó aon bhunús dlí eile. Bhí sí den tuairim nach raibh baint dlúth go leor idir na caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bunaíodh san Ísiltír agus na caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír chun údar a thabhairt lena n-éisteacht ag an gcúirt chéanna chun cinntí ar neamhréir a sheachaint.
- 22 Rinne EWAGB agus páirtithe eile achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Gerechtshof Amsterdam (Cúirt Achomhairc, Amstardam, an Ísiltír), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo.
- 23 Tugann an chúirt sin le fios nár chuir na cuideachtaí is cosantóirí a bunaíodh san Ísiltír i gcoinne chinneadh rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) a d'aithin a dlínse chríochach inmheánach chun an chaingean a éisteacht, ní hamháin i gcoinne Draka Holding, a bunaíodh laistigh de dhlínse chríochach na cúirte sin, ach freisin i gcoinne na gcuideachtaí uile ainmnithe a bunaíodh san Ísiltír ach lasmuigh de dhlínse chríochach na cúirte sin. Luann an chúirt ansin, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta, nach féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le dlínse chríochach inmheánach agus go gcaithfear glacadh leis, dá réir sin, go bhfuil dlínse chríochach inmheánach ag rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) ar na comhlachtaí is cosantóirí uile a bunaíodh san Ísiltír.
- 24 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, áfach, an bhfuil baint dlúth go leor, de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, idir, ar thaobh amháin, an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne Draka Holding nó cuideachtaí is cosantóirí eile a bunaíodh san Ísiltír agus, ar an taobh eile, na caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí is cosantóirí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír.
- 25 Sna himthosca sin, chinn Gerechtshof Amsterdam (Cúirt Achomhairc, Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

‘1 (a) An bhfuil dlúthbhaint de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] idir:

- (i) ar thaobh amháin, éileamh i gcoinne cosantóir ceannasach (nó príomhchosantóir) nach bhfuil ina sheolaí de chinneadh maidir le cairtéal ó údarás náisiúnta iomaíochta ach, mar eintiteas a líomhnaítear a bheith mar chuid den ghnóthas de réir bhrí an dlí Eorpaigh iomaíochta (“an ghnóthas”), a chinntear a bheith faoi dhliteanas go réamhtheachtach as an sárú léirithe ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais agus,
- (ii) ar an taobh eile, éileamh i gcoinne:
 - comhchosantóir is seolaí den chinneadh sin, agus/nó
 - comhchosantóir nach bhfuil ina sheolaí den chinneadh agus a líomhnaítear ina leith go bhfuil sé, mar eintiteas dlíthiúil, ina ghnóthas a cinneadh a bheith faoi dhliteanas poiblí as an gcinneadh maidir le sárú ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais?

Ina leith sin, an bhfuil sé suntasach:

1. nach raibh an príomhchosantóir a cinneadh a bheith faoi dhliteanas go hiartheachtach ach ag sealbhú agus bainistiú scaireanna le linn thréimhse an chairtéil;
 2. más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 4(a) – cé acu an raibh an príomhchosantóir a cinneadh a bheith faoi dhliteanas go hiartheachtach páirteach i dtáirgí cairtéil a tháirgeadh, a dháileadh, a dhíol agus/nó a sholáthar agus nó seirbhísí cairtéil a sholáthar;
 3. cé acu an bhfuil an comhchosantóir ar seolaí an chinnidh é ainmnithe sa chinneadh mar
 - (i) rannpháirtí *de facto* sa chairtéil – sa chaoi gur ghlac sé páirt iarbhir sa chomhaontú sáraitheach nó comhaontuithe sáraitheacha agus/nó sa chleachtas comhbheartaithe nó sna cleachtais chomhbheartaithe nó
 - (ii) mar eintiteas dlíthiúil atá mar chuid den ghnóthas a cinneadh go poiblí a bheith faoi dhliteanas as sárú ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais;
 4. cé acu an dearna an comhchosantóir nach bhfuil ina sheolaí den chinneadh táirgí agus/nó seirbhísí cairtéil a tháirgeadh, a dháileadh, a dhíol agus/nó a sholáthar iarbhir;
 5. cé acu an bhfuil an príomhchosantóir agus an comhchosantóir sa ghnóthas céanna;
 6. an ndearna na gearánaithe táirgí agus/nó seirbhísí a cheannach nó a fháil go hindíreach ón bpríomhchosantóir agus/nó ón gcomhchosantóir?
- (b) An bhfuil sé ábhartha don fhreagra ar Cheist 1(a) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé intuathartha go gcuirfear an dlí ar an gcomhchosantóir ábhartha i gcúirt an phríomhchosantóra? Más amhlaidh go bhfuil, an bhfuil an intuathacht sin ina chritéar ar leith agus Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] á chur i bhfeidhm? An dtugtar an intuathacht sin i bprionsabal i bhfianaise an bhreithiúnais in *Sumal* an 6 Deireadh Fómhair 2021 (C-882/19, EU:C:2021:800)? Cé mhéad a fhágann na himthosca dá dtagraítear i gCeist 1(a)(1) go (6) thuas go bhfuil sé intuathartha anseo go gcuirfí an dlí ar an gcomhchosantóir i gcúirt an phríomhchosantóra?
2. Agus dlínse á cinneadh, ar cheart a chur san áireamh an dócha go n-éireoidh leis an éileamh i gcoinne an phríomhchosantóra? Más ea, an leor don mheasúnú sin nach féidir a chur as an áireamh roimh ré go nglacfar leis an éileamh?
 3. (a) An áirítear faoin gceart faoi dhlí an Aontais atá ag duine damáistí a fháil mar gheall ar shárú léirithe ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais Eorpaigh ceart chun damáistí a fulaingíodh lasmuigh de LEE a éileamh?

- (b) An gcaithfear an toimhde a nglactar léi i ndlí na hiomaíochta maidir le tionchar cinntitheach na máthairchuideachtaí (ar cuireadh fineáil orthu) ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfochuideachtaí (“toimhde Akzo”) a chur i bhfeidhm i gcásanna damáistí cairtéil (sibhialta) nó an féidir an toimhde sin a chur i bhfeidhm?
 - (c) An gcomhlíonann cuideachta sealbhaíochta idirmheánach nach ndéanann ach scaireanna a bhainistiú agus a shealbhú dara critéar Sumal (gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú a bhfuil baint sonrach aici le hábhar an tsáraithe a cinneadh an mháthairchuideachta a bheith faoi dhliteanas ina leith)?
4. (a) Agus Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] á chur i bhfeidhm, an féidir le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhallstát céanna a bheith ina bpríomhchosantóirí (le chéile)?
- (b) An gcinntear le hAirteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] an chúirt a bhfuil dlínse choibhneasta aici go díreach agus láithreach, sa chaoi nach bhfuil feidhm ag an dlí náisiúnta?
- (c) Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 4(a) – sa chaoi nach féidir ach le cosantóir amháin a bheith ina phríomhchosantóir – agus go dtabharfar freagra dearfach ar Cheist 4(b) – sa chaoi go gcinntear an chúirt a bhfuil dlínse aici go díreach le hAirteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012], agus nach bhfuil an dlí náisiúnta le cur i bhfeidhm, agus an foráil sin á chur i bhfeidhm, an féidir tagairt inmheánach a dhéanamh do chúirt shainchónaí an chosantóra sa Bhallstát céanna?’

Cás C-673/23

- 26 An 17 Iúil 2019, ghlac an Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato (Údarás Iomaíochta agus Margaidh, an Iodáil) (‘AGCM’) cinneadh lenar chinn sé go ndearna roinnt gnóthas, lena n-áirítear Smurfit Kappa Italia agus Toscana Ondulati, dhá shárú ar leith ar Airteagal 101 CFAE agus ar Airteagail 15 agus 31 de Dhlí Iomaíochta na hIodáile.
- 27 Leis an gcinneadh sin, chinn AGCM, ar an gcéad dul síos, go raibh na gnóthais sin rannpháirteach, idir an 2 Feabhra 2004 agus an 30 Márta 2017, i gcairtéal ar mhargadh cairtchlár rocach na hIodáile, d’fhonn tionchar a imirt ar phraghsanna díola an táirge sin agus gnóthais eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chairtéil sin. Bhí sé den tuairim, ar an dara dul síos, go raibh príomhtháirgeoirí pacáistíochta cairtchláir rannpháirteach, idir an 7 Meán Fómhair 2005 agus an 30 Márta 2017, i gcairtéal maidir le hábhair phacáistíochta, a bhí dírithe ar iomaíocht ar mhargadh na hIodáile le haghaidh pacáistíocht cairtchláir a shaobhadh. Thug AGCM faoi deara freisin go raibh feidhm thacaíochta ag an dara cairtéil sin i ndáil leis an gcairtéal a bhaineann le cairtchlár rocach.
- 28 Ba iad Smurfit Kappa Italia, a bunaíodh i Milano (an Iodáil), DS Smith Holding Italia, a bunaíodh in Vimercate (an Iodáil) agus Toscana Ondulati, a bunaíodh in Capannori (an Iodáil), seolaithe an chinnidh sin, as ar léir gur ghlac Smurfit Kappa Italia agus Toscana Ondulati páirt sa chairtéil. Tá DS Smith Holding Italia faoi dhliteanas freisin maidir leis an gcairtéal sin, mar mháthairchuideachta indíreach. Os a choinne sin, ní raibh na cuideachtaí eile is iarratasóirí sna príomhimeachtaí, atá mar chuid de ghrúpaí Smurfit Kappa Italia agus Toscana Ondulati, ina seolaithe don chinneadh sin.
- 29 Cheannaigh Unilever agus páirtithe eile, atá mar chuid de ghrúpa Unilever, amhábhair agus ábhair phacáistíochta chomh maith le pacáistíocht cairtchláir rocaigh le linn na dtréimhsí sáraithe do shaoráidí táirgthe Eorpacha Unilever ó chuideachtaí is páirtithe sna cairtéil. Áitíonn Unilever

agus páirtithe eile go ndearnadh damáiste dóibh mar thoradh ar an méadú ar phraghsanna na dtáirgí a ceannaíodh ó na cuideachtaí is páirtithe sa chairtéal agus ar chothabháil leibhéal praghsanna atá ard go saorga ('scáthphraghsáil') agus éifeachtaí iarmharacha an chairtéil ar an margadh.

- 30 Ina dhiaidh sin, thug siad caingean dhearbhaithe os comhair rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam), ag iarraidh dearbhú go bhfuil Smurfit Kappa agus páirtithe eile faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach dóibh mar gheall ar a rannpháirtíocht sa chairtéal atá i gceist. Áitíonn siad freisin gur cheart a ordú do na cuideachtaí sin, i gcomhpháirt agus go leithleach, cúiteamh a íoc, a bhfuil a mhéid le socrú ina dhiaidh sin, atá beartaithe chun an damáiste a mhaíonn siad a d'fhulaing siad mar thoradh ar an gcairtéal sin a chúiteamh.
- 31 Is é Smurfit Kappa International an t-aon chuideachta is cosantóir a bhfuil a suíomh i ndlínse rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) agus meastar gurb é an t-aon phríomhchosantóir é. Ní raibh an chuideachta sin ina seolaí do chinneadh an 17 Iúil 2019 de AGCM. Is cuideachta sealbhaíochta idirmheánach í, fochuideachta de Smurfit Kappa Group, cuideachta a bunaíodh in Éirinn nach mbaineann leis na príomhimeachtaí, agus máthairchuideachta Smurfit Kappa Europe. Tá scairchaipiteal iomlán Smurfit Kappa Italia ina seilbh ag an dara ceann acu, ceann de na cuideachtaí is seolaithe do chinneadh an 17 Iúil 2019 de AGCM.
- 32 Le breithiúnas dearbhaitheach, dhearbhaigh rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) go raibh dlínse chríochach aici, go himmheánach agus go hidirnáisiúnta, chun éisteacht le caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bunaíodh san Ísiltír, ach freisin i gcoinne na gcuideachtaí sin a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír.
- 33 Ar thaobh amháin, chinn sí go raibh dlínse aici an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne Smurfit International, an t-aon chuideachta is cosantóir os a comhair a bunaíodh in Amstardam (an Ísiltír) agus, dá bhrí sin, laistigh dá dlínse chríochach, ach freisin na caingne a tionscnaíodh i gcoinne na gcuideachtaí uile a bunaíodh san Ísiltír, a éisteacht, ar an bhforas go bhfuil nasc idir na caingne sin go léir lena dtugtar údar a láimhseáil le chéile ar fhorais éifeachtúlachta. Ar an taobh eile, mheas sí go raibh nasc dlúth go leor idir na caingne a tionscnaíodh i gcoinne na gcuideachtaí uile a bunaíodh san Ísiltír agus na caingne a tionscnaíodh i gcoinne na gcuideachtaí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír, rud a thug údar leis an mbreithiúnas a thug an chúirt chéanna chun cinntí ar neamhréir a sheachaint.
- 34 Rinne Smurfit Kappa agus páirtithe eile achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Gerechtshof Amsterdam (Cúirt Achomhairc, Amstardam), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo.
- 35 Meabhraíonn an chúirt sin nár chuir na cuideachtaí a bunaíodh san Ísiltír i gcoinne dhlínse rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) ag an gcéad chéim agus, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta, nach féidir achomharc a dhéanamh os a comhair i gcoinne cinntí a dhéantar in ábhair a bhaineann le dlínse chríochach inmheánach. Sonraíonn sí, dá bhrí sin, go gceanglaítear uirthi a mheas go bhfuil dlínse chríochach inmheánach ag an gcúirt sin ní hamháin an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne Smurfit International – an t-aon chuideachta sa chás seo a bunaíodh laistigh dá dlínse agus a thagann, cé nach seolaí chinneadh AGCM í, chun bheith ina príomhchosantóir maidir lena áit bhunaíochta – ach freisin na caingne a tionscnaíodh i gcoinne na gcuideachtaí uile is cosantóirí os a comhair a bunaíodh san Ísiltír.

- 36 Fiafraíonn an chúirt sin, ar an taobh eile, maidir le dlínse idirnáisiúnta na cúirte sin i ndáil le caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír. Fiafraíonn sí, go bunúsach, an bhfuil baint dlúth go leor, de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, idir, ar thaobh amháin, an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne Smurfit International agus/nó cuideachtaí eile a bunaíodh san Ísiltír agus, ar an taobh eile, na caingne a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bunaíodh lasmuigh den Ísiltír.
- 37 Sna himthosca sin, chinn *Gerechtshof Amsterdam* (Cúirt Dúiche, Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

- ‘1. a) An bhfuil dlúthbhaint de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] idir:
- (i) ar thaobh amháin, éileamh i gcoinne cosantóir ceannasach (nó príomhchosantóir) nach bhfuil ina sheolaí de chinneadh maidir le cairtéal ó údarás náisiúnta iomaíochta ach, mar eintiteas a líomhnaítear a bheith mar chuid den ghnóthas de réir bhrí an dlí Eorpaigh iomaíochta [...], a chinntear a bheith faoi dhliteanas go réamhtheachtach as an sárú léirithe ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais agus,
 - (ii) ar an taobh eile, éileamh i gcoinne:
 - comhchosantóir is seolaí den chinneadh sin, agus/nó
 - comhchosantóir nach bhfuil ina sheolaí den chinneadh agus a líomhnaítear ina leith go bhfuil sé, mar eintiteas dlíthiúil, ina ghnóthas a cinneadh a bheith faoi dhliteanas poiblí as an gcinneadh maidir le sárú ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais?

Ina leith sin, an bhfuil sé suntasach:

1. an é nach raibh an príomhchosantóir a cinneadh a bheith faoi dhliteanas go réamhtheachtach ach ag sealbhú agus bainistiú scaireanna le linn thréimhse an chairtéil;
 2. más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 4(a) – cé acu an raibh an príomhchosantóir a cinneadh a bheith faoi dhliteanas go réamhtheachtach páirteach i dtáirgí cairtéil a tháirgeadh, a dháileadh, a dhíol agus/nó a sholáthar agus nó seirbhísí cairtéil a sholáthar;
 3. cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an príomhchosantóir ina chónaí sa Bhallstát inar chinn an t-údarás iomaíochta náisiúnta go raibh sárú ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais ar an margadh náisiúnta (agus sin amháin);
 4. cé acu an bhfuil an comhchosantóir ar seolaí an chinnidh é ainmnithe sa chinneadh mar
 - i) rannpháirtí *de facto* sa chairtéil – sa chaoi gur ghlac sé páirt iarbhir sa chomhaontú sáraitheach nó comhaontuithe sáraitheacha agus/nó sa chleachtas comhbheartaithe nó sna cleachtais chomhbheartaithe nó
 - ii) mar eintiteas dlíthiúil atá mar chuid den ghnóthas a cinneadh go poiblí a bheith faoi dhliteanas as sárú ar an toirmeasc ar chairtéil faoi dhlí an Aontais;
 5. cé acu an dearna an comhchosantóir nach bhfuil ina sheolaí den chinneadh táirgí agus/nó seirbhísí cairtéil a tháirgeadh, a dháileadh, a dhíol agus/nó a sholáthar iarbhir;
 6. cé acu an bhfuil an príomhchosantóir agus an comhchosantóir sa ghnóthas céanna;
 7. an ndearna na gearánaithe táirgí agus/nó seirbhísí a cheannach nó a fháil go hindíreach ón bpríomhchosantóir agus/nó ón gcomhchosantóir?
- b) An bhfuil sé ábhartha don fhreagra ar Cheist 1(a) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé intuartha go gcuirfear an dlí ar an gcomhchosantóir ábhartha i gcúirt an phríomhchosantóra? Más amhlaidh go bhfuil, an bhfuil an intuarthacht sin ina chritéar ar leith agus Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] á chur i bhfeidhm? An dtugtar an intuarthacht sin i bprionsabal i bhfianaise an bhreithiúnais in *Sumal* an 6 Deireadh Fómhair

2021, C-882/19, EU:C:2021:800? Cé mhéad a fhágann na himthosca dá dtagraítear i gCeist 1(a)(1) go (6) thuas go bhfuil sé intuartha anseo go gcuirfí an dlí ar an gcomhchosantóir i gcúirt an phríomhchosantóra?

2. Agus dlínse á cinneadh, ar cheart a chur san áireamh an dócha go n-éireoidh leis an éileamh i gcoinne an phríomhchosantóra? Más ea, an leor don mheasúnú sin nach féidir a chur as an áireamh roimh ré go nglacfar leis an éileamh?
3. An gcaithfear an toimhde a nglactar léi i ndlí na hiomaíochta maidir le tionchar cinntitheach na máthairchuideachtaí (ar cuireadh fíneáil orthu) ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfochuideachtaí (“toimhde Akzo”) a chur i bhfeidhm i gcásanna damáistí cairtéil (sibhialta) nó an féidir an toimhde sin a chur i bhfeidhm?
4. a) Agus Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] á chur i bhfeidhm, an féidir le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhallstát céanna a bheith ina bpríomhchosantóirí (le chéile)?
b) An gcinntear le hAirteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] 1a an chúirt a bhfuil dlínse choibhneasta aici láithreach agus go díreach, sa chaoi nach bhfuil feidhm ag an dlí náisiúnta?
c) Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 4(a) – sa chaoi nach féidir ach le cosantóir amháin a bheith ina phríomhchosantóir – agus go dtabharfar freagra dearfach ar Cheist 4(b) – sa chaoi go gcinntear an chúirt a bhfuil dlínse aici go díreach le hAirteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012], agus an foráil sin á chur i bhfeidhm, an féidir tagairt inmheánach a dhéanamh do chúirt shainchónaí an chosantóra sa Bhallstát céanna?

Nós imeachta os comhair na Cúirte

- 38 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 18 Eanáir 2024, rinneadh Cásanna C-672/23 agus C-673/23 a uamadh chun críocha na coda ó bhéal den nós imeachta agus an chinnidh lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 39 Na chéad cheisteanna faoi mhír (a) Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an nós imeachta comhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, gur faoin gCúirt atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas an díospóid atá os a comhair a réiteach. I ndáil leis sin, is faoin gCúirt atá sé, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a cuireadh faoina bráid a athfhoirmiú (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Ministrstvo za obrambo*, C-742/19, EU:C:2021:597, mír 31).
- 40 Sa chás seo, is léir ó na horduithe tarchuir, leis na chéad cheisteanna faoi mhír (a), arna bhfoirmliú i dtéarmaí atá comhchosúil go bunúsach i gCásanna C-672/23 agus C-673/23, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil cuid de na himthosca a bhaineann go sonrach leis na cásanna sin de chineál lena suitear go bhfuil baint dlúth go leor ann, i bhfianaise Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, idir, ar thaobh amháin, caingean a tionscnaíodh i gcoinne príomhchosantóra, nach seolaí í de chinneadh an údaráis iomaíochta náisiúnta nó an údaráis iomaíochta de chuid an Aontais lena mbaineann, ach, mar eintiteas a líomhnaítear gur leis an

ngnóthas é a glacadh leis an gcinneadh sin a bheith faoi dhliteanas i leith sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais, a mheastar a bheith réamhtheachtach nó iarteachtach freisin ón sárú a aimsíodh, agus, ar an taobh eile, caingne a tionscnaíodh i gcoinne comhchosantóirí, bídis ina seolaithe den chinneadh sin nó ná bídis, caidreamh de chineál a shuífeadh dlínse idirnáisiúnta rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) chun an chaingean sin a éisteacht.

- 41 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go háirithe, maidir le hábharthacht, chun críocha measúnú a dhéanamh an ann do bhaint den sórt sin, imthosca amhail, ar an gcéad dul síos, úinéireacht agus bainistiú scaireanna ag an bpríomhchosantóir, ar an dara dul síos, maidir leis an mbaint a d'fhéadfadh a bheith aige le táirgeadh, dáileadh, díol agus/nó seachadadh táirgí nó soláthar seirbhísí de chuid an chairtéil, ar an tríú dul síos, an bhfuil an príomhchosantóir sin bunaithe sa Bhallstát inar cinneadh an sárú ar dhlí na hiomaíochta, ar an gceathrú dul síos, maidir le haicmiú an chomhchosantóra atá mar sheolaí an chinnidh atá faoi chonspóid mar rannpháirtí *de facto* sa sárú, nó mar eintiteas atá mar chuid den ghnóthas atá faoi dhliteanas i leith an tsáraithe, ar an gcúigiú dul síos, ar cheannaigh, ar dhíol agus/nó ar sholáthair an comhchosantóir, nach seolaí í, táirgí nó seirbhísí as ar eascair an cairtéal, ar an séú dul síos, maidir leis an mbaint atá ag an bpríomhchosantóir agus an cosantóir leis an ngnóthas céanna, agus ar an seachtú dul síos, maidir leis an bhfíoras gur cheannaigh na hiarratasóirí, go díreach nó go hindíreach, táirgí nó go bhfuair siad seirbhísí ón bpríomhchosantóir agus/nó ón gcomhchosantóir, nó gur seachadadh iad chucu.
- 42 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, leis na chéad cheisteanna faoi mhír (a), go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh 'baint chomh dlúth sin' a bheith ann, de réir bhrí na forála sin, idir, ar thaobh amháin, caingean a tionscnaíodh i gcoinne príomhchosantóir nár cinneadh a bheith faoi dhliteanas as sárú ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE arna suí ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta náisiúnta agus, ar an taobh eile, a tionscnaíodh i gcoinne cuideachtaí a bhfuil comharthaí tromchúiseacha ann ina leith ar le gnóthais iad, de réir bhrí dhlí iomaíochta an Aontais, ar cuireadh an sárú sin ina leith.
- 43 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, ós rud é go ndearnadh Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 2001 L 12, lch. 1) a aisghaireadh agus a ionadú le Rialachán Uimh. 1215/2012, agus a tháinig in ionad Choinbhinsiún na Bruiséile an 27 Meán Fómhair 1968 maidir le dlínse agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 1972 L 299, lch. 32), arna leasú le coimbhinsiún i ndiaidh a chéile maidir le haontachas Ballstát nua leis an gCoinbhinsiún sin, go bhfuil feidhm ag léiriú ar leith na Cúirte ar fhorálacha na n-ionstraimí dlí níos luaithe sin maidir le Rialachán Uimh. 1215/2012 freisin i gcás inar féidir a mheas go bhfuil na forálacha sin 'coibhéiseach' (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Volvo agus páirtithe eile*, C-30/20, EU:C:2021:604, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 44 Is amhlaidh atá, ar thaobh amháin, le hAirteagal 6(1) de Rialachán Uimh. 44/2001 agus, ar an taobh eile, le hAirteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, atá i dtéarmaí atá comhchosúil go bunúsach, ionas gur féidir na forálacha sin a aicmiú mar fhorálacha 'coibhéiseacha', de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Iúil 2021, *Volvo agus páirtithe eile*, C-30/20, EU:C:2021:604, mír 29, agus an 13 Feabhra 2025, *Athenian Brewery agus Heineken*, C-393/23, EU:C:2025:85, mír 24).

- 45 Faoi Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát os comhair chúirteanna an Bhallstáit sin. Foráiltear le hAirteagal 63(1) den Rialachán sin, chun críocha an Rialacháin sin, go bhfuil sainchónaí ar chuideachta nó ar dhuine dlítheanach eile nó ar chomhlachas de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile san áit ina bhfuil suíomh reachtúil, riarachán lárnach nó príomháiit ghnó aige nó aici. Mar sin féin, leagtar síos an riail sin maidir le dlínse chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir in Airteagal 4(1), ‘faoi réir’ fhorálacha eile de Rialachán Uimh. 1215/2012. Cé gur riail phrionsabail í an riail dlínse sin, i gcomhréir le haithris 15 den Rialachán sin, foráiltear do roinnt eisceachtaí leis an Rialachán sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Feabhra 2025, *BSH Hausgeräte*, C-339/22, EU:C:2025:108, míreanna 29 agus 30). Ina measc sin, déantar foráil in Airteagal 8 den Rialachán sin maidir le heisceachtaí ón riail phrionsabail sin i gcás éilimh ghaolmhara.
- 46 I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 go bhféadfar an dlí a agairt freisin ar dhuine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát i gcás inar duine de líon cosantóirí é, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar dhuine ar bith díobh, ar choinníoll go bhfuil ‘baint chomh dlúth sin’ ag na héilimh le chéile go bhfuil sé fóirsteanach na cosantóirí a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh.
- 47 Is cásdlí socair é nach mór forálacha an Rialacháin sin a léiriú go neamhspleách, trí thagairt a dhéanamh dá scéim agus dá chuspóirí (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *BNP Paribas*, C-567/21, EU:C:2023:452, mír 43).
- 48 Is é is cuspóir don riail maidir le dlínse speisialta a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, mar is léir ó aithrisí 16 agus 21 den Rialachán sin, cuí-riaradh an cheartais a chur chun cinn, an baol go mbeadh imeachtaí comhthreomhara ann a íoslaghdú agus cosc a chur ar bhreithiúnais atá bunoscionn lena chéile a ghlacadh i mBallstáit éagsúla má chinntear na cúiseanna caingne ar leithligh (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 49 Ní mór an riail maidir le dlínse speisialta sin, a mhéid a mhaolaítear léi ar phrionsabal dhlínse shainchónaí an chosantóra a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, a léiriú go docht, nach dtéann thar na cásanna a bheartaítear go sainráite leis an Rialachán sin (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 50 Dá bhrí sin, agus Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 á chur i bhfeidhm, is gá a fháil amach an bhfuil nasc, idir na héilimh éagsúla arna ndéanamh ag an iarratasóir céanna i gcoinne cosantóirí éagsúla, ar bhealach ina bhfuil sé fóirsteanach breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh. Ní mór measúnú a dhéanamh ar nasc den sórt sin a bheith ann i bhfianaise imthosca uile an cháis, go háirithe an baol go dtabharfaí cinntí atá bunoscionn lena chéile.
- 51 I ndáil leis sin, chun go measfar go bhfuil breithiúnais bunoscionn lena chéile, ní leor go mbeadh réitigh éagsúla mar thoradh orthu, is gá freisin go dtiocfadh an éagsúlacht sin chun cinn i gcomhthéacs na staidé fíorasáí agus dlíthiúla céanna (breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 52 Chinn an Chúirt, áfach, nach féidir an riail a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi go bhféadfaí cead a thabhairt d'iarratasóir caingean a thionscnamh i gcoinne roinnt cosantóirí chun duine de na cosantóirí sin a bhaint de chúirteanna an Stáit ina bhfuil sainchónaí air agus, dá bhrí sin, chun an riail dlínse atá san fhoráil sin a atreorú, trí na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na forála sin a chruthú nó a choinneáil go saorga, agus chun na críche sin amháin (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 53 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas an bhfuil an staid dhlíthiúil agus fhíorasach chéanna ann, agus tosca ábhartha uile an cháis atá os a comhair á gcur san áireamh, maidir leis na héilimh a thugtar i gcoinne na gcosantóirí éagsúla atá i gceist sna príomhimeachtaí ag an gcéad chéim, agus a áirithiú nach bhfuil na héilimh a thugtar i gcoinne na gcomhchosantóirí amháin a dtugann a sainchónaí údar le dlínse na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair beartaithe go saorga chun na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, míreanna 42 agus 45).
